AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.10.2024
COM(2024) 427 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## Tuarascáil Bhliantúil ar oibríochtaí an Aontais Eorpaigh um chabhair dhaonnúil a maoiníodh in 2023

**CLÁR**

Réamhrá.....2

An comhthéacs domhanda ina gcuirtear cúnamh ar fáil .....2

Cabhair dhaonnúil leormhaith éifeachtach a chur ar fáil do phobail a bhfuil difear á dhéanamh dóibh.....5

Athbhreithniú ar aon mheasúnú seachtrach arna dhéanamh ar oibríochtaí sonracha.....9

## Réamhrá

Leis an tuarascáil seo, cuirtear i láthair príomhghníomhaíochtaí agus príomhthorthaí beartais an Aontais in 2023 i réimse na cabhrach daonnúla, gníomhaíochtaí arna ndéanamh trí Ard-Stiurthóireacht na Cosanta Sibhialta Eorpaí agus na nOibríochtaí Eorpacha um Chabhair Dhaonnúil (AS ECHO) sa Choimisiún Eorpach. Ullmhaítear í de bhun Airteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil, lena gceanglaítear ar an gCoimisiún tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle agus achoimre ag gabháil léi ar na hoibríochtaí a maoiníodh le linn na bliana roimhe sin.

Is é sainordú AS ECHO **cuidiú le beatha daoine a shábháil agus a chaomhnú, le fulaingt an duine a chosc agus a laghdú, agus le sláine agus dínit pobal dá ndéantar difear de dheasca guaiseacha nádúrtha nó tubaistí arb é an duine is cúis leo a chosaint**, cibé acu laistigh nó lasmuigh den Aontas Eorpach a tharlaíonn na tubaistí sin. Faoin gcuspóir uileghabhálach sin, gníomhaíonn AS ECHO mar dheontóir cabhrach daonnúla agus mar fhreagróir éigeandála an Aontais, ach is comhordaitheoir agus éascaitheoir freisin é maidir le hoibríochtaí cosanta sibhialta ar leibhéal an Aontais trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, sásra a oibríonn cuid mhaith lasmuigh den Aontas chun cúnamh éigeandála agus cabhair dhaonnúil a chur ar fáil go tapa tráth na géarchéime agus a chomhlánaíonn gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla AS ECHO mar a thuairiscítear sa doiciméad seo. Rannchuidíonn gníomhaíochtaí AS ECHO le tosaíochtaí polaitiúla an Choimisiúin a bhaint amach, mar atá, Eoraip níos láidre sa domhan, an Comhaontú Glas don Eoraip agus ár ndóigh bheatha Eorpach a chur chun cinn.

Soláthraíonn an tAontas – trí AS ECHO – cabhair dhaonnúil do dhaoine atá i ngátar ar fud an domhain, ar bhonn phrionsabail dhaonnúla **na daonnachta, na neamhchlaontachta, an neamhspleáchais agus na neodrachta** – prionsabail a fhréamhaítear in Airteagal 214 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh – agus ar bhonn an Chomhdhearcaidh Eorpaigh maidir le Cabhair Dhaonnúil freisin [(1)]. Déantar cabhair dhaonnúil an Aontais a dháileadh chun cabhrú leo siúd is mó atá i ngátar, gan beann ar a náisiúntacht, a reiligiún, a n-inscne, a mbunadh eitneach nó a gcleamhnacht pholaitiúil. Díreofar léi go sonrach freisin ar riachtanais ban, leanaí, daoine scothaosta, daoine breoite agus daoine faoi mhíchumas[2].

## An comhthéacs domhanda ina gcuirtear cúnamh ar fáil

Is mór na dúshláin dhaonnúla a bhí ann in 2023 mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, mar gheall ar an staid sa Mheánoirthear a bheith dul in olcas, go háirithe sa Phalaistín, mar gheall ar an achrann leanúnach sa tSúdáin, nó mar gheall ar na géarchéimeanna fadtréimhseacha sa tSaiheil. Sholáthair an tAontas tacaíocht shubstaintiúil don Úcráin, agus tá oibríochtaí cabhrach daonnúla ar luach EUR 785 mhilliún san iomlán déanta aige ó bhí mí Feabhra 2022 ann. Ina theannta sin, b'airde ná riamh leibhéil dhomhanda 2023 maidir le neamhshlándáil an tsoláthair bia; ós rud é go raibh cúig thír i mbaol gorta agus go raibh an Phalaistín[3] ag dul i ngleic leis an ngéarchéim bhia is tromchúisí dá raibh ann le tamall de bhlianta anuas.

Mar thoradh ar dhúshláin throma sa timpeallacht dhaonnúil dhomhanda mar gheall ar ghéarchéimeanna fadtréimhseacha, an t-athrú aeráide, tubaistí gan choinne, chomh maith le ráigeanna galar, **tá an staid dhaonnúil ag dul in olcas** in an-chuid áiteanna eile ar domhan freisin, rud a fhágann go bhfuil **riachtanais dhaonnúla ann nach bhfacthas a**

(1) Ráiteas comhpháirteach ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát agus iad ag teacht le chéile laistigh den Chomhairle, de Pharlaimint na hEorpa, agus den Choimisiún Eorpach (2008/C 25/01).

(2) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ar páirtí ann an tAontas Eorpach.

(3) Ní dhéanfar ainmniú na Palaistíne a fhorléiriú mar aitheantas do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

**leithéid riamh roimhe seo.** San fhorléargas is déanaí ó Oifig na Náisiún Aontaithe (NA) um Chomhordú Gnóthaí Daonnúla (OCHA) dar teideal *Global Humanitarian Overview 2023*[(4)], measadh go raibh gá ag 363,3 milliún duine le cabhair dhaonnúil agus cosaint dhaonnúil ag deireadh 2023, méadú 11,4 % i gcomparáid le 2022. Mar sin féin, níor leor an cistiú chun freastal ar riachtanais a bhí ag dul i méid. An bhearna chistiúcháin idir na riachtanais dhaonnúla agus na hacmhainní a bhí ar fáil, mhéadaigh an bhearna sin ó easnamh USD 18,3 billiún in 2022 go heasnamh USD 27,7 billiún faoi dheireadh 2023 [(5)].

Is dúshlán fós é cabhair dhaonnúil a chur ar fáil mar gur riosca nach beag do ghníomhaithe daonnúla iad **an dothuarthacht, an luaineacht agus an neamhshláine**. Is bac iad na srianta rochtana ar chabhair dhaonnúil a chur ar fáil toisc **go gcuirtear srian le rochtain ar na daoine atá i ngátar nó go ndiúltaítear rochtain orthu**, agus déanann na srianta rochtana sin níos deacra é na bearta rialaithe a bhfuil gá leo a chur chun feidhme, amhail faireachán ar an láthair agus measúnuithe ar riachtanais. Mar gheall ar **sháruithe ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI)**, sáruithe atá ag dul i méid, is measa fós iad na rioscaí agus na castachtaí a bhaineann le cabhair dhaonnúil a sholáthar.

D'ainneoin **na ndúshlán** sin, d'éirigh leis an gCoimisiún **a chuspóirí a bhaint amach**, i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus na príomhghníomhaíochtaí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Gníomhaíocht Dhaonnúil an Aontais, *Dúshláin nua, na prionsabail chéanna*, a glacadh i mí an Mhárta 2021[(6)]. **Bhí an tAontas fós ina phríomhdheontóir daonnúil domhanda**, a sholáthraíonn cabhair dhaonnúil i 114 thír [(7)] ar bhealach prionsabálta agus é bunaithe ar riachtanais, agus a chumhdaíonn sciar 9,4 % den chistiú iomlán a shlógtar sa chóras daonnúil domhanda [(8)]. Tá sé d'aidhm ag an Aontas a áirithiú go mbeidh cistiú ar fáil chun cúnamh a thabhairt don líon is airde daoine atá i ngátar agus is féidir sa líon is mó tíortha agus is féidir, agus go soláthrófar freagairt ghasta éifeachtúil chuimsitheach. Soláthraíonn líonra allamuigh AS ECHO (50 oifig i 40 tír, agus thart ar 430 ball foirne náisiúnta agus idirnáisiúnta) tacaíocht thábhachtach ina leith sin. Socraíodh buiséad daonnúil tosaigh 2023 ag **EUR 1 643 mhilliún** [(9)]. Fuarthas roinnt atreisiúcháin [(10)] bhuiséid le linn na bliana, a tháinig ó na foinsí seo a leanas:

- Ón gCúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála chun roinnt géarchéimeanna a chumhdach, lena n-áirítear an Úcráin agus an staid maidir le neamhshlándáil an tsoláthair bia dhomhanda a bheith ag dul in olcas (EUR 579,3 milliún)
- Ó athshannadh, atreisiú agus ath-leithdháileadh ó ionstraimí Cheannteideal VI chun aghaidh a thabhairt ar chastachtaí na ngéarchéimeanna sa Phalaistín, san Airméin nó i Sead (EUR 69,7 milliún)
- Ó *Virement Aide Humanitaire* (VAH – Airt. 30(2) den Rialachán Airgeadais); arna leithdháileadh don Mháratáin (EUR 2,7 milliún)
- Ó ioncam sannta seachtrach ó na Ballstáit (EUR 5,4 milliún).

Ba é **EUR 2 421,8 milliún** luach críochnaitheach **bhuiséad daonnúil 2023**, méid a chuir ar a chumas don Choimisiún idirghabháil a dhéanamh, ní hamháin i ngéarchéimeanna daonnúla ar mórscála – amhail iad siúd san Úcráin, sa tSiria, sa Phalaistín nó sa tSúdáin – ach i ngéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad freisin, géarchéimeanna ar leithdháil sé 17 %

---

(4) *Global Humanitarian Overview 2023*, [Forléargas Daonnúil Domhanda 2023] Nuashonrú mhí na Nollag (Léargas ar an 31 Nollaig 2023) | OCHA (unocha.org)

(5) *Global Humanitarian Overview 2022*, [Forléargas Daonnúil Domhanda 2023] Nuashonrú mhí na Nollag (Léargas ar an 31 Nollaig 2022) | OCHA (unocha.org)

(6) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais: dúshláin nua, na prionsabail chéanna. COM(2021)110 final

(7) Athrú ar an modheolaíocht is cúis le héabhlóid an fhigiúir suas go pointe, tar éis na modhnuithe a rinneadh ar shuíomh Sheirbhís Rianaithe Airgeadais na Náisiún Aontaithe.

(8) UN Financial Tracking System, Global Funding Overview Summary 2023

(9) Ní áirítear leis an méid sin caiteachas tacaíochta (línte BA). Agus an caiteachas sin san áireamh, ba é EUR 1 654,8 milliún an luach tosaigh le haghaidh na hionstraime ina hiomláine in 2023

(10) De bhreis ar na hatreisiúcháin sin, slógadh EUR 121,7 milliún ón gcúlchiste oibríochtúil

[11] dá bhuiséad tosaigh le haghaidh 2023 (EUR 286 mhilliún) orthu [12]. Léirítear in Iarscríbhinn I an buiséad a leithdháileadh ar na príomh-ghéarchéimeanna a cumhdaíodh le gníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2023.

Seo a leanas achoimre ar na príomhghníomhaíochtaí i réigiúin éagsúla an domhain:

- **Oirdheisceart na hEorpa, Comharsanacht an Oirthir agus an Tuirc:** Ba é cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine a bhí ina bhonn láidir fós leis an ngníomhaíocht dhaonnúil sa réigiún, gníomhaíocht lena gcumhdaítear earnálacha éagsúla, lena n-áirítear geimhreánú, cúnamh airgid, cosaint, cúram sláinte agus oideachas. Leithdháil an Coimisiún EUR 300 milliún ar an Úcráin in 2023 chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha, méid a chabhraigh le níos mó ná 17,6 milliún duine i ngátar. Ina theannta sin, cuireadh EUR 20 milliún ar fáil le haghaidh cúnamh éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na ndídeanaithe ón Úcráin a theith go dtí an Mholdóiv, agus ar riachtanais a bpobal óstach freisin. Sa Tuirc, sholáthair an Coimisiún EUR 78,2 milliún[13] chun tacú le dídeanaithe leochaileacha agus le pobal na Tuirce, a ndearna an dá chrith talún i mí Feabhra 2023 difear dóibh araon. Thairis sin, tugadh an Líontán Sábhála Sóisialta Éigeandála ar láimh go rathúil ón gcistiú daonnúil go dtí an cistiú forbartha faoi AS NEAR i mí Iúil 2023, i gcomhréir leis an straitéis maidir leis an nasc idir an chabhair dhaonnúil agus an fhorbairt.
- **An Afraic Thoir agus Deisceart na hAfraice:** Tá an réigiún fós thíos le coinbhleachtaí, easáitiú pobal, eipidéimí agus dálaí adhaimsire (amhail tuilte agus triomaigh fhadtréimhseacha i Mór-Chorn na hAfraice nó séasúr dian na gcioclón, go háirithe i Madagascar, sa Mhaláiv agus i Mósaimbíc). Mar thoradh ar an staid dhaonnúil a bheith ag dul in olcas in go leor tíortha amhail an tSúdáin, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, Corn na hAfraice (an tSomáil, an Aetóip, an Chéinia), an tSúdáin Theas, Uganda, an Bhurúin nó Mósaimbíc, tá neamhshlándáil ghinearálaithe ann maidir leis an soláthar bia, mar aon le cailleadh slí bheatha. Shlóg an Coimisiún acmhainní breise freisin chun aghaidh a thabhairt ar thionchar na coinbhleachta sa tSúdáin a thosaigh i mí Aibreáin 2023, coinbhleacht as ar eascair an ghéarchéim easáitithe is mó ar domhan, chomh maith le géarchéim dhaonnúil a bhfuil tionchar á imirt aici ar an réigiún máguaird. Méadaíodh an buiséad tosaigh de EUR 330,7 milliún go dtí níos mó ná EUR 595,02 milliún chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais sin agus ar riachtanais dhaonnúla phráinneacha eile sa réigiún.
- **An Meánoirthear:** Tar éis an ionsaithe sceimhlitheoireachta ar Iosrael an 7 Deireadh Fómhair 2023, an choinbhleacht a tharla ina dhiaidh sin in Gaza agus easáitiú fhormhór phobal na Palaistíne atá ina gcónaí in Gaza (1,7 milliún duine) dá bharr, mhéadaigh an Coimisiún a chúnamh daonnúil don Phalaistín faoi cheathair go dtí breis agus EUR 100 milliún[14], chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is bunúsaí atá ag na Palaistínigh. Lean an Coimisiún freisin d'aghaidh a thabhairt ar riachtanais phobal na Siria, riachtanais a d'éirigh níos measa mar gheall ar na creathanna talún i mí Feabhra 2023, trí níos mó ná EUR 182 mhilliún de chúnamh a sholáthar (i.e. bia, leigheas, uisce glan, dídean éigeandála, cosaint agus oideachas i gcásanna éigeandála a chur ar fáil). San Iordáin agus sa Liobáin, leithdháileadh breis agus EUR 79 milliún chun tacú le dídeanaithe ón tSiria agus le pobail óstacha leochaileacha.
- **An Afraic Thiar agus an Afraic Láir:** Leithdháil an Coimisiún os cionn

[11] I gcomparáid le buiséad tosaigh EUR 1 687 milliún, arb é atá ann an buiséad tosaigh (EUR 1 643 mhilliún) móide an cúlchiste oibríochtúil tosaigh (EUR 122 mhilliún, lúide na cistí um Ullmhacht maidir le Tubaistí (EUR 78 milliún). An buiséad tosaigh a leithdháileadh ar ghéarchéimeanna atá ligthe i ndearmad, is é a bhí ann 17,5 % den bhuiséad thuasluaite.

[12] i.e. géarchéimeanna tromchúiseacha fadtréimhseacha nach dtarraingíonn aird na meán agus nach leor an leibhéal cabhrach idirnáisiúnta atá ar fáil do na pobail a ndéanann na géarchéimeanna sin difear dóibh, amhail an ghéarchéim i Háití nó géarchéim na Róihinsí.

[13] Áirítear sa mhéid sin cistí ó chistí ath-leithdháilte, plean chur chun feidhme daonnúil 2023 na Tuirce agus an Bosca Uirlisí Éigeandála.

[14] Lena n-áirítear EUR 92,5 milliún ón bplean cur chun feidhme daonnúil agus EUR 10 milliún a slógadh tríd an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil.

EUR 181,5 milliún dá bhuiséad tosaigh chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil an tsoláthair bia agus ar mhíchothú arb í an choinbhleacht is cúis leo go príomha, agus ar riachtanais ilearnála daoine atá easáitithe ina dtír féin, chun iompar foirne agus earraí a áirithiú agus chun tacú le hullmhacht maidir le tubaistí i dtíortha na Saiheile, in Imchuach Loch Shead, in Iarthuaisceart agus in Iardheisceart Chamarún, in Iarthuaisceart na Nigéire, agus i bPoblacht na hAfraice Láir. Slógadh atreisiúcháin chun aghaidh a thabhairt ar neamhshlándáil an tsoláthair bia go háirithe, agus is é a bhí ina thoradh air sin buiséad críochnaitheach ar luach níos mó ná EUR 279,3 milliún don réigiún.

- **An Afraic Thuaidh, an Iaráic agus Leithinis na hAraibe:** Gheall an Coimisiún EUR 143 mhilliún chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais pobal easáitithe agus pobal dídeanaithe san Afraic Thuaidh (an Libia, an Éigipt agus an Ailgéir – na dídeanaithe ar Sachrámhaigh iad) agus san Iaráic, ar pobail iad a bhfuil an choinbhleacht ag déanamh difear dóibh, agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais pobal a bhfuil an choinbhleacht in Éimin ag déanamh difear dóibh, méid lena gcumhdaítear cúnamh ilearnála do réimsí amhail uisce, sláintíocht agus sláinteachas, bia agus cothú, oideachas i gcásanna éigeandála, cúram sláinte – lena n-áirítear tacaíocht mheabhairshláinte agus shíceolaíoch – freagairt um chosaint chomhtháite, cúnamh dlíthiúil (doiciméadacht shibhialta) agus idirghabhálacha dídine. Mar thoradh ar chistiú breise, lenar atreisíodh an fhreagairt ar an gcoinbhleacht in Éimin go príomha, bhíothas in ann leithdháileadh críochnaitheach EUR 183,12 milliún a bhaint amach le haghaidh an réigiúin seo.
- **An Áise agus an tAigéan Ciúin:** Leithdháil an Coimisiún os cionn EUR 258,59 milliún ar an réigiún in 2023, lenar díríodh go príomha ar an méadú ar riachtanais dhaonnúla an phobail san Afganastáin (go háirithe riachtanais na mban agus na gcailíní ar chuir ceannaireacht eatramhach an Talaban srian breise ar a gcearta agus a ndeiseanna), agus lenar tugadh aghaidh ar an méadú ar na riachtanais dhaonnúla atá ann mar gheall ar an ngéarchéim ilghnéitheach i Maenmar, lena n-áirítear an t-easáitiú éigeantach chuig tíortha comharsanachta, an Bhanglaidéis den chuid is mó. Cuireadh tacaíocht ar fáil sa Phacastáin tar éis na dtuilte diana, agus tugadh aghaidh freisin ar na riachtanais a d'eascair as tubaistí nádúrtha, chomh maith le coinbhleacht Mindanao sna hOileáin Fhilipíneacha. Thug an Coimisiún aghaidh ar na hiarmhairtí daonnúla a bhaineann le cioclóin thrópaiceacha agus triomaigh a dhéanann difear do roinnt oileán san Aigéan Ciúin.
- **Críocha Mheiriceá agus an Mhuir Chairib:** Le gníomhaíochtaí an Choimisiúin, díríodh ar fhóirithint a sholáthar do dhaoine a bhfuil difear á dhéanamh dóibh de dheasca thionchar inmheánach agus réigiúnach na géarchéime i Veiniséala, na coinbhleachta armtha sa Cholóim, na géarchéime casta i Háití, agus an fhoréigin eagraithe fhorleathan i Meiriceá Láir, Meicsiceo agus Eacuadór. Tugadh aghaidh ar riachtanais dhaonnúla daoine easáitithe ar fud na mór-roinne, ar thionchar tubaistí nádúrtha agus aeráide, agus ar ghéar-neamhshlándáil an tsoláthair bia agus míchothú, agus cuireadh tacaíocht ar fáil d'ullmhacht maidir le tubaistí. Leithdháil an Coimisiún breis agus EUR 81 mhilliún ar an réigiún ar dtús agus méadaíodh é sin go dtí EUR 152,82 milliún ag deireadh na bliana.

Oibríonn an Coimisiún i gcomhar le **thart ar 220 comhpháirtí** (ar cistíodh 118 díobh trí chonarthaí a síníodh in 2023 – cuireadh an liosta san áireamh in Iarscríbhinn II). Leithdháileadh 45,9 % de chistiú 2023 ar Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (ENRanna), 43,3 % ar ghníomhaireachtaí NA, 10,6 % ar eagraíochtaí idirnáisiúnta agus 0,2 % ar eagraíochtaí rialtasacha.

## Cabhair dhaonnúil leormhaith éifeachtach a chur ar fáil do phobail a bhfuil difear á dhéanamh dóibh

Chun **tacú leis an iltaobhachas agus le hord idirnáisiúnta riailbhunaithe**, shaothraigh an Coimisiún a abhcóideacht dhaonnúil agus a fhorbairt beartais go gníomhach ar an

leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda, agus d'oibrigh sé ar na tosaíochtaí a shainítear sa Teachtaireacht maidir le gníomhaíocht dhaonnúil an Aontais [15]. Rinneadh dul chun cinn nach beag maidir le cur chun feidhme na ngealltanas a tugadh faoin **Margadh Mór** [16]), go háirithe maidir le cistiú ardcháilíochta, airgead tirim agus logánú. Leanadh de na ranníocaíochtaí leis na Cistí Comhthiomsaithe Tírbhunaithe [17] chun an logánú a chur chun cinn a thuilleadh, mar aon le cistiú arna chur in áirithe chun críche sonraithe. Seoladh samhail le haghaidh **Comhpháirtíochtaí Cláir** [18])fadtéarmacha, lena dtacófar le cuir chuige leasa straitéisigh chomhroinnte, agus seoladh 12 Chomhpháirtíocht Cláir nua in 2023. Thairis sin, mhol an Coimisiún an iarracht mhaoiniúcháin dhaonnúil a fheabhsú go substaintiúil agus comhroinnt freagrachta níos fearr a bhaint amach i measc deontóirí, lena n-áirítear na Ballstáit. Sa chomhthéacs sin, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh sprioc dheonach i mí na Bealtaine 2023 lenar spreagadh na Ballstáit agus deontóirí eile 0,07 % dá nOllioncam Náisiúnta a chur i leataobh le haghaidh cabhair dhaonnúil.

Maidir leis an m**Beartas um Lóistíocht Dhaonnúil** [19]), lean an Coimisiún de thacú leis an gcur chuige straitéiseach trasearnálach i leith an tslabhra soláthair, cur chuige ar luadh ina leith i gConclúidí ón gComhairle (9282/23) [20] go raibh sé ríthábhachtach chun an bhearna chistiúcháin a dhruidim. Deimhníodh luach na straitéise sin i staidéar meastóireachta a tugadh chun críche in 2023 [21] agus moladh go leanfaí di. Leanadh in 2023 d'oiliúint a chur ar chomhpháirtithe daonnúla agus de dhea-chleachtais a chur chun cinn, d'ardú feasachta ardleibhéil, agus de threoraíocht oibríochtúil (maidir le lóistíocht dhaonnúil). Tugadh aghaidh ar an ábhar freisin ag Fóram Eorpach Daonnúil (EHF) 2023.

Leanadh d'uirlisí oibríochtúla na h**Acmhainneachta Eorpaí um Fhreagairt Dhaonnúil (EHRC)** [22]) a fhorbairt in 2023, agus ar an gcaoi sin, cuidíodh leis an gCoimisiún tacú le comhpháirtithe agus cabhair dhaonnúil a éascú, earraí daonnúla a sheachadadh agus oibrithe daonnúla a iompar chuig limistéir nach bhfuil rochtain éasca orthu, limistéir nach bhféadfaí cúnamh a chur i bhfeidhm iontu murach sin. In 2023, thug EHRC freagairt ar 16 ghéarchéim a raibh difear á dhéanamh acu do 15 thír [23], agus leithdháileadh EUR 56,58 milliún chun acmhainneachtaí agus seirbhísí EHRC a fhorbairt agus a imscaradh. Go sonrach:

- Bhain 85 eitilt de chuid Oibríocht Aerdhroichid Dhaonnúil an Aontais naoi dtír amach, agus os cionn 3 880 tona de sholáthairtí daonnúla á n-iompar acu.
- Iompraíodh breis agus 490 tona agus 19 400 oibrí daonnúil ar Eitiltí Cabhrach Daonnúla an Aontais in 7 dtír.
- Deonaíodh níos mó ná 840 tona ó stoc-chairn EHRC do chomhpháirtithe, ar luach os cionn EUR 4,4 milliún.

Bhain an Coimisiún lánúsáid as a **Bhosca Uirlisí Éigeandála**, lena gcuimsítear an Uirlis um Práinnfhreagairt Mórthubaistí, an uirlis Eipidéimí, an Uirlis mhionscála agus an Ciste Éigeandála um Fhreagairt i gcás Tubaistí, uirlisí lena soláthraítear cabhair dhaonnúil éigeandála céad líne ar luach EUR 44,5 milliún le haghaidh teagmhais ar fud an domhain nach raibh coinne leo. Seo a leanas roinnt samplaí de leithdháileadh na gcistí:

- Cuireadh an Uirlis mhionscála i ngníomh 18 n-uaire, lena n-áirítear na freagairtí a tugadh orthu seo a leanas: briseadh damba Nova Kakhovka san Úcráin, na cioclóin

[15] COM(2021)/110 final, féach fonóta 5.
[16] An Margadh Mór
[17] An Úcráin, an Afganastáin, an tSúdáin Theas agus Veiniséala.
[18] Comhpháirtíochtaí Cláir.
[19] Doiciméad téamach beartais AS ECHO: An Beartas um Lóistíocht Dhaonnúil.
[20] Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar an mbearna sa chistiú daonnúil, an 22 Bealtaine 2023
[21] Meastóireacht ar an Lóistíocht Dhaonnúil in Oibríochtaí an Choimisiúin Eorpaigh um Chabhair Dhaonnúil agus Cosaint Shibhialta 2018-2022
[22] AS ECHO: Bileog Eolais maidir leis an Acmhainneacht Eorpach um Fhreagairt Dhaonnúil (EHRC).
[23] An Afganastáin, Buircíne Fasó, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, an Éigipt/an Phalaistín, an Chéinia, Madagascar, Mailí, an Airméin, Neipeal, an Nígir, an tSomáil, an tSúdáin, Sead, an tSiria, an Úcráin.

a rinne difear do Vanuatú, don Bhanglaidéis agus do na hOileáin Fhilipíneacha, ach na tuilte sa Libia, i Háití agus i bPeiriú freisin.

- Rinneadh an Uirlis um Práinnfhreagairt Mórthubaistí a thionscnamh 14 huaire chun freagairt láithreach a thabhairt ar na tuilte a rinne difear don Phacastáin, don tSomáil agus don Chéinia, agus chun freagairt a thabhairt ar iarmhairtí na gcioclón trópaiceach i Madagascar, i Mósaimbíc, sa Mhaláiv, i Maenmar agus i Meicsiceo, agus ar na creathanna talún sa Tuirc, sa tSiria, san Afganastáin, i Maracó, i Neipeal agus san Aetóip.
- Cuireadh an uirlis Eipidéimí i ngníomh 8 n-uaire chun tacú leis an bhfreagairt ar an mbolgach moncaí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, ar an diftéire sa Nigéir, ar an gcalar sa Mhaláiv, san Aetóip, sa tSiombáib, sa tSúdáin agus sa tSúdáin Theas, agus ar an dóiteán a rinne difear do shaoráidí sláinte sa Bhanglaidéis.
- Rinne an Coimisiún 65 oibríocht de chuid an Chiste Éigeandála um Fhreagairt i gcás Tubaistí a athshlánú, oibríochtaí a chuir Cónaidhm Idirnáisiúnta Chumainn na Croise Deirge agus an Chorráin Dheirg (IFRC) chun feidhme i 50 tír, lena n-áirítear oibríochtaí a bhain leis an gcalar san Afraic, agus le tuilte agus creathanna talún i dtuaisceart na hAfraice, in Oirdheisceart na hÁise agus san Aigéan Ciúin.

Thairis sin, in 2023, d'áirithigh AS ECHO cur i bhfeidhm agus forbairt beartais trí mholtaí a sholáthar do chomhpháirtithe maidir le hoibríochtaí daonnúla ardcháilíochta, comhleanúnacha agus cuntasacha arna gcistiú ag an Aontas.

I bhfianaise an mhéadaithe ar choinbhleachtaí, praghsanna arda bia mar gheall ar chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, turraingí eacnamaíocha agus teagmhas aeráide, leithdháil an Coimisiún thart ar EUR 670 milliún [(24)] le haghaidh **cúnamh bia, cothaithe agus cosc gorta**, agus rinneadh gealltanas iomlán dar luach EUR 8,3 billiún le haghaidh 2021-2024 chun tacú le freagairt Fhoireann na hEorpa agus í ag dul i ngleic leis an ngéarchéim dhomhanda bhia.

Tugadh EUR 334 mhilliún do **thionscadail sláinte** chun tacú le córais sláinte dhomhanda agus chun cúram leighis a sholáthar d'fhonn beatha daoine a shábháil, agus béim ar leith á leagan ar eipidéimí a chosc, ar ullmhacht agus freagairt, ar thacaíocht mheabhairshláinte agus shíceolaíoch, agus ar shláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe.

Lean AS ECHO dá aird a dhíriú ar bheartais **uisce, sláintíochta agus sláinteachais** trí iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar an rochtain ar uisce óil sábháilte, agus ar sheirbhísí cothroma sláintíochta agus sláinteachais le haghaidh daoine a bhfuil difear á dhéanamh dóibh mar gheall ar ghéarchéimeanna daonnúla.

Leanadh den abhcóideacht chórasach in 2023 trí ráitis phoiblí agus trí idirghabhálacha maidir leis an **dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI)** i bhfóraim iltaobhacha agus ag imeachtaí ardleibhéil, agus cumhdaíodh ábhair amhail taidhleoireacht dhaonnúil, cosaint oibrithe daonnúla, cogaíocht uirbeach agus feabhas a chur ar chomhlíonadh DDI chun an spás daonnúil a chosaint. Lean AS ECHO den idirphlé idir deontóirí, rialtóirí, údaráis áitiúla, oibreoirí daonnúla agus an earnáil phríobháideach a chur chun cinn chun a áirithiú go soláthrófaí cúnamh daonnúil dóibh siúd uile a bhí i ngátar. Thairis sin, dhírigh AS ECHO ar an bhfaireachán ar sháruithe DDI a neartú, *inter alia*, trí na caighdeáin maidir le bailiú sonraí agus maidir le faireachán a neartú nó tríd an abhcóideacht fhianaisebhunaithe a threisiú. Ina theannta sin, sheol AS ECHO tionscadal den chéad uair chun foráil a dhéanamh maidir le tacaíocht dhlíthiúil, leighis agus ábhartha d'oibrithe daonnúla ar íospartaigh ionsaithe iad, tacaíocht nithiúil fhollasach a chuirfear ar fáil dóibh láithreach.

Lean AS ECHO de thacú le **DDI a bheith á chomhlíonadh ag bearta sriantacha an Aontais**, agus de chuimsiú comhsheasmhach eisceachtaí daonnúla a chur chun cinn ann, go háirithe díolúintí daonnúla i gcomhréir le Rún 2664(2022) ó Chomhairle Slándála na

[(24)] Níos airde ná an meánchistiú de EUR 530 milliún in aghaidh na bliana sa tréimhse 2019-2021.

Náisiún Aontaithe i gcórais smachtbhannaí an Aontais. In 2023, tugadh an díolúine dhaonnúil isteach i dtuairim agus 30 córas smachtbhannaí de chuid an Aontais, lena n-áirítear iad a thabhairt isteach maidir le Maenmar, Nicearagua, an Nígir, an tSúdáin, an tSiria, Veiniséala agus Éimin.

Leithdháil an Coimisiún 15 % dá imchlúdach airgeadais ar ghníomhaíochtaí **cosanta**, toisc gur phríomhábhar imní agus phríomhthosaíocht fós é **an bhéim ar na daoine is leochailí** mar gheall ar na sáruithe leanúnacha ar DDI, na rioscaí forleathana agus na cásanna foréigin. Rinneadh inscne agus aois, chomh maith le cuimsiú daoine faoi mhíchumas[25], a phríomhshruthú i ngach earnáil idirghabhála, agus tugadh aghaidh go córasach ar gach cineál foréigin in aghaidh leanaí. Méadaíodh an aird ar fhoréigean gnéis i dtaca le coinbhleachtaí chun freagairt don mhéid atá feicthe le linn roinnt géarchéimeanna le déanaí, a bhfuil roinnt díobh fós ar siúl. Rinne an Coimisiún gníomhaíochtaí dá chuid a neartú, gníomhaíochtaí lena bhfuil cosaint threisithe, abhcóideacht san áireamh, á hiarraidh le haghaidh leanaí, agus thug sé achoimre ar riachtanais shonracha leanaí a bhfuil baint acu le coinbhleachtaí armtha. D'oibrigh an Coimisiún i gcomhar go gníomhach leis an mBraisle um Chosaint Dhomhanda agus ba bhall gníomhach fós é den Treoir um Ghníomh a dhéanamh maidir le Cosaint ar Fhoréigean Inscnebhunaithe i gCásanna Éigeandála.

Lean an Coimisiún de bhéim a chur ar an **oideachas i gcásanna éigeandála**, agus chloígh sé lena ghealltanas infheistiú a dhéanamh san oideachas ar an leibhéal uaillmhianach de 10 % de bhuiséad tosaigh bliantúil an Aontais um chabhair dhaonnúil. Dá réir sin, soláthraíodh EUR 162 mhilliún chun tacú le rochtain ar fhoghlaim shábháilte ardcháilíochta do leanaí agus do dhéagóirí óga a bhfuil difear á dhéanamh dóibh de dheasca géarchéimeanna.

Chun an lorg carbóin agus an damáiste don chomhshaol a bhaineann leis an gcúnamh daonnúil a laghdú, tugadh **íoscheanglais agus moltaí éigeantacha maidir leis gcomhshaol** isteach in 2023 i ndáil le gach oibríocht cabhrach arna cistiú ag an Aontas [(26)]. Eisíodh táscairí comhshaoil deonacha nua freisin in 2023 chun cabhrú le comhpháirtithe na híoscheanglais maidir leis an gcomhshaol a léiriú ina dtionscadail. Ina theannta sin, ba é an tAontas an chéad eagraíocht a thug tacaíocht airgeadais do Rúnaíocht na Cairte Aeráide agus Comhshaoil d'Eagraíochtaí Daonnúla (EUR 200 000).

Lean an Coimisiún dá thacaíocht d'ullmhacht maidir le tubaistí a neartú in 2023 freisin [(27)], trí **ullmhacht maidir le hilghuaiseacha agus réamhghníomhaíocht a chur chun cinn**. Ina theannta sin, tar éis an dearbhaithe a rinneadh ag cruinniú mullaigh 2023 idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib, inar aithníodh a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta i réimse na hullmhachta maidir le tubaistí agus an bhainistithe riosca tubaistí, tá an Coimisiún ag oibriú ar Mheabhrán Tuisceana a ullmhú chun gníomhaíochtaí comhair idirnáisiúnta idir an tAontas agus Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib um chosc agus ullmhacht maidir le tubaistí a chur chun cinn, agus chun comhroinnt faisnéise agus deiseanna oiliúna a chothú chomh maith. In 2023, leithdháileadh breis agus EUR 78 milliún ar ghníomhaíochtaí spriocdhírithe maidir le hullmhacht. Bhí gnéithe den ullmhacht maidir le tubaistí san áireamh i 32,3 % d'oibríochtaí daonnúla arna gcistiú ag an Aontas [(28)].

D'fhorbair AS ECHO meascán de **ghníomhaíochtaí cumarsáide** in 2023 freisin, arb é is aidhm dóibh ardleibhéal tacaíochta poiblí agus tacaíochta polaitiúla do chabhair dhaonnúil an Aontais a choinneáil ar bun, agus an méid sin bunaithe ar phrionsabal dhlúthpháirtíocht an Aontais. Mar shampla, d'fhoilsigh AS ECHO sraith preaseisiúintí lárnacha agus áitiúla (i gcomhar le comhpháirtithe cabhrach daonnúla) agus chuir sé tús an athuair lena shraith

[(25)] I gcomhréir leis an nóta treorach 'The Inclusion of Persons with Disabilities in EU-funded Humanitarian Aid Operation' [Cuimsiú Daoine faoi Mhíchumas in Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil arna gcistiú ag an Aontas].
[(26)] guidance_on_the_operationalisation_of_the_mers_for_eu-funded_humanitarian_aid_operations.pdf (europa.eu).
[(27)] Agus an cur chuige a glacadh in 2021 á chur chun feidhme aige (Nóta Treorach ó AS ECHO ar an Ullmhacht maidir le Tubaistí).
[(28)] Díorthaítear an figiúr sin as modheolaíocht athbhreithnithe a bhraitheann go hiomlán ar an tuairisciú a dhéanann Comhpháirtithe Daonnúla an Aontais, agus ar an ábhar sin, d'fhéadfadh sé nach n-áireofaí ann iarrachtaí maidir le príomhshruthú ullmhachta in earnálacha oibríochtaí eile.

cuairteanna allamuigh in éineacht le hiriseoirí Eorpacha. In 2023, reáchtáil AS ECHO an **feachtas um chabhair dhaonnúil, 'An t-oideachas, ar ais nó ar éigean'**, feachtas a d'fhreastail ar níos mó ná 29 milliún duine in 14 Bhallstát agus a thacaíonn leis an gceart chun oideachais ar ardchaighdeán do chách, lena n-áirítear an ceart sin a bheith ann i gcásanna éigeandála. A mhéid a bhaineann leis na **meáin dhigiteacha**, tá méadú tagtha ar leantóirí chainéil na meán sóisialta (+5,71 %) agus tá méadú mór tagtha ar thaispeántí ar na meáin shóisialta (+26,4 %); ina theannta sin, bhain suíomh gréasáin AS ECHO an gharsprioc 2 mhilliún d'amhairc leathanaigh amach.

## Athbhreithniú ar aon mheasúnú seachtrach arna dhéanamh ar oibríochtaí sonracha

Tá seirbhísí meastóireachta an Choimisiúin freagrach as an bhfeidhm mheastóireachta a stiúradh, a chomhordú, as faireachán a dhéanamh uirthi agus as í a thuairisciú. Soláthraíonn siad torthaí meastóireachta tráthúla, ardcháilíochta chun fianaise a áirithiú le haghaidh cinnteoireacht eolasach agus le haghaidh cuntasachta. Féadtar na meastóireachtaí a dhéanamh ar bhonn geografach nó téamach, nó féadtar iad a bheith dírithe ar chomhpháirtíocht shonrach. Le hIarscríbhinn III soláthraítear liosta de na meastóireachtaí a rinneadh in 2023 agus de mheastóireachtaí leanúnacha.

## NAISC ÁBHARTHA

- Faisnéis ghinearálta maidir le AS ECHO:
  http://ec.europa.eu/echo/en
- Faisnéis airgeadais maidir le gníomhaíochtaí cabhrach daonnúla an Choimisiúin Eorpaigh in 2023:
  Cinntí maoiniúcháin (pleananna cur chun feidhme daonnúla) 2023 – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)
- Faisnéis oibríochtúil ó bhlianta roimhe sin:

  Cosaint Shibhialta Eorpach agus Oibríochtaí um Chabhair Dhaonnúil | An Coimisiún Eorpach (europa.eu)
- Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2023:

  Tuarascáil Bhliantúil ar Ghníomhaíochtaí 2023 AS ECHO (europa.eu)
- Tuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht 2023:

  Tuarascáil bhliantúil ar bhainistíocht agus ar fheidhmíocht 2023 – An Coimisiún Eorpach (europa.eu)
- Tuarascálacha meastóireachta AS ECHO:

  https://ec.europa.eu/echo/funding-evaluations/evaluations_en
- Sonraí cistiúcháin an Choimisiúin Eorpaigh agus na mBallstát maidir le cabhair dhaonnúil:

  Baile – an Coimisiún Eorpach (europa.eu)